RANNÁN 2C
CEANTAR TUAITHE

1.0 FORBHREATHNÚ

1.1 Réamhfhocal

Is cuspóir don rannán seo den phlean soláthar a dhéanamh do pholasaithe pleanála i gceantair thuaithe atá faoi bhun leibhéil straitéise an Phlean Forbartha Contae agus atá níos áitiúla ina nádúr. Tá an ceantar tuaithe i bPlean Ceantair Áitiúil Limistéir Feidhme Chathair Saidbhín, atá léirithe i bhFigiúr 4.1, sainmhínithe mar an ceantar tuaithe ar fad laistigh de theorainn an limistéir fheidhme agus lasmuigh de theorainneacha an bhaile, na sráidbhailte agus na sráidbhailte beaga/nóid forbartha. Tá an ceantar tuaithe, mar atá sainmhínithe sa phlean seo, nasctha go feidhmiúil de na lonnaíochtaí. Ní cuid den cheantar tuaithe é Dairbhre, féach rannán 2b.



Figiúr 1: Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín

Tá na daoine a mhaireann sa cheantar tuaithe ag brath cuid mhór ar an mbaile agus ar na stáidbhailte do sheirbhísí mar scoileanna, seirbhísí agus fostaíocht. Tá sé dóchúil go dtaistealaíonn sciar maith daoine go dtí na bailte móra mar Chill Airne agus Cill Orglan chun fostaíochta. Tá turasóireacht agus feirmeoireacht láidir sa cheantar seo.

1.2 Cuspóir an Phlean Ceantair Thuaithe

Déanfaidh plean ceantair áitiúil an limistéir fheidhme:

- Féachaint ar cheantar tuaithe ar leibhéal áitiúil seachas ar an leibhéal níos straitéisí atá sa Phlean Forbartha Contae.

- Nirt, laigí, deiseanna bagairtí sa cheantar tuaithe a aithint.
- Faisnéis a bhailiú ar an gceantar tuaithe.
- Struchtúir faoi chosaint sna ceantair thuaithe a aithint.
- Cuspóirí nach bfhuil ar leibhéal straitéise an Phlean Forbartha Contae a aithint don cheantar tuaithe.

1.3 ANAILÍS SWOT DO CHEANTAR TUAITHE

Buanna
• Croílár láidir uirbeach (Baile Chathair Saidhbhín) mar phointe fócasach
• Priomh cheann scríbe turasóireachta
• Oidhreacht láidir cultúrtha agus teanga
• Tírdhreach/muirdhreach mealltach éagsúil le cósta, góilíní, aibhneacha, féarach agus sléibhte
• Naisc láidre eacnamaíochta agus sóisialta idir an ceantar tuaithe agus na lonnaíochtaí uirbeacha.
• Tá a dtréithe coinnithe den chuid is mó ag na sráidbhailte
• Ceantar le cuid den radharcra is fearr sa tír.
• Is bealaí tábhachtach turasóireachta iad an *Ring of Kerry* agus *Skellig Ring.*
• Céanna agus imeachtaí Allamhuigh atá ann cheana féin m.sh. faireoireacht éan, iascaireacht, dreapadóireacht ar chnoic, áineas muirí etc.
• Cóngrach do chúrsa gailf 18 poll sa Choireán.
• Tránna Brataí Goirme ag Na Cealla, An Trá Bhán agus Baile an Sceilg
Laigí
• Suíomh imeallach
• Deacracht ag iomaíocht le raon seirbhísí agus díol spéise ar taitiscint i gCill Orglan agus i gCill Airne.
• Brath ar thurasóireacht de chineál séasúrach
• Deiseanna teoranta fostaíochta
Deiseanna
• Caomhnú na hoidhreachta tógtha
• An comhshaol nádúrtha gus an bhithéagsúlacht a chosaint.
• Leibhéal na ngníomhaíochtaí siamsaíochta mara, éiceathurasóireachta agus margay eile nideoige a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe
• Forbairt rotharbhealach agus gníomhaíochtaí eile lasmuigh a chur chun cinn
• Cur chun cinn a dhéanamh ar thurais siúlóide, dreapadóireacht cnoc agus sliabh ag leibhéil inbhuanaithe
• Muirshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn
• Níos mó úsáide a bhaint as an gcomhshaol muirí chun gníomhaíochta inbhuanaithe áineasa.
Bagairtí
• Ró-fhorbairt ar cheantar thuaithe.
• Lagdhú ar líon na ndaoine a labhraíonn an Ghaeilge

• Truailliú ar uisce dromchla agus ar screamhuisce.
• Caillteanas ar cháilíocht tírdhreacha
• Imirce agus caillteanas daonra agus laghdú dá dheasca ar éileamh ar sheirbhísí
• Inacmhainneacht bhreosla iompir
• Iomaíocht ó láithreacha níos saoire
• Cailliúint na bithéagsúlachta.
• Fachtóirí seachtracha eacnamaíochta

1.4 Daonra

I nDaonáireamh 2006 ba é daonra an Limistéir Fheidhme iomlán ná 5,212 duine agus i 2011 is 5,074 a bhí ann. Léiríonn an spriocfhás daonra go dtiocfaidh méadú 497 duine ar dhaonra achair iomlán an phlean idir na blianta 2012 agus 2018 go dtí iomlán 5,653.

	2002 daonáireamh	2006 daonáireamh	2011 daonáireamh	2012 meastachán	2018 Sprioc
Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín*	5,051	5,212	5,074	5,156	5,653
Baile Chathair Saidhbhín	1,272	1,294	1,454	1,499	1,772

*Áirítear baile Chathair Saidhbhín

Tábla 1: Athrú daonra agus sprioc daonra i Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín 2002-2018



Figiúr 2: Athrú Daonra 2006-11

1.5 Iompar

Tá freastal ar an gceantar ag an N70, bealaí náisiúnta den dara grád, na bhóithre réigiúnacha R565, R566 & R567 agus líonra de bhóithre áitiúla. Tá sé tábhachtach go mbeadh aon fhorbairt sna ceantair thuaithe inghlactha i dtéarmaí sábháilteachta ar bhóithre agus nach mbeadh drochéifeacht aige ar acmhainn iompair ná ar shábháilteacht

ghinearálta na mbóithre poiblí de réir Chaibidil 8 agus rannán 13 i bPlean Forbartha Contae 2009-2015.



Figiúr 3: Gréasán Bóithre i Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín

1.6 Cosáin rothaíochta / Siúláin

Is acmhainn tábhachtach iad cosáin agus rotharbhealaí marcáilte le turasóirí a mhealladh agus le háineas a sholáthar do mhuintir na háite. Tá acmhainn iontu freisin maidir le héagsúlú feirme i seirbhísí turasóireachta ar scála beag.

Tá iliomad bealach iontach siúlóide sa limistéar feidhme timpeall ar Bhólas agus ceann Duichealla, Cuan an Easpaig agus Dairbhre. Téann bealaí siúlóide an *Kerry Way* trí cheantar an phlean freisin, Stad an tSléibhe go Cathair na mBan, Cathair na mBan go dtí na Corra agus spear go dtí Cathair Saidhbhín. Tugann na bealaí siúlóide bunaithe seo cuid de na radharcanna sárscéimhe is fearr chomh maith le tírdhreach drámatúil iargúlta sa chontae. Siúlán 9km atá i Lúb Bhín an Tí atá suite ó dheas ó Chathair Saidhbhín.

Tá sé beartaithe bealach glas a fhorbairt ar feadh seanlíne an iarnróid idir Cill Orglan agus Cathair Saidhbhín de réir chuspóirí forbartha INF8-38 de Phlean Forbartha Contae 2009-15. Tá iarracht á dhéanamh ag Comhairle Contae Chiarraí agus Comhpháirtíocht Chiarraí Theas cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid an tseanlíne iarnróid mar "Fhéarbhealach/bealach".
Faoi réir Measúnacht Tionchair Timpeallachta ag leibhéal tionscadail, d'fhéadfadh an bealach glas seo áisiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí áineasa mar shiúlóid, rothaíocht agus breathnóireacht ar an dúlra. Sholáthródh seo acmhainn luachmhar taitneamhachta don cheantar lena radharcra taibhseacha mara agus sléibhe agus ba dhíol spéise breise turasóireachta iad i gceantar Chathair Saidhbhín.

Figiúr 3: 'Bealach glas' áineasa a fhéadfadh a bheith ar shlí an iarnróid nach bhfuil in úsáid

1.7 Soláthar Uisce

Déanann píomhphíobán uisce poiblí, grúpphíobáin uisce agus soláthairtí príobháideacha uisce freastal ar an gceantar. Tá sé riachtanach go ndéanfaí cosaint in aghaidh truaillithe ó fhorbairt ar screamhuisce. Tógfaidh an uile fhorbairt ceann de na creasa tionchair do sholáthairtí screamhuisce poiblí agus abhantracha do sholáthairtí uisce poiblí.



Figiúr 4: Soláthar agus foinse uisce i Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín

1.8 Cóireáil Uisce

A chinntiú go ndéantar freastal ar fhorbairtí sa cheantar tuaithe le dabhcha múnlaigh / aonaid chóireála indibhidiúla bunaithe ar mheasúnú ar cháilíochtaí ithreach ag teacht le "*Cód cleachtais – Cóireáil Fuíolluisce agus Córais diúscartha ag freastal ar Theach Aonair* (p.e.≤ 10)" nó aon leasú nó doiciméad athchóirithe ina dhiaidh sin.

1.9 Tírdhreach

Tá ceantar an staidéir atá suite i gcúine thiar thuaidh Leithinis Uíbh Ráthaig dírithe ar bhaile Chathair Saidhbhín agus é teorainnithe ag an bhfarraige ó thuaidh agus thiar ag sliabhraonta ó dheas agus thoir. Tá roinnt fo-thírdhreacha éagsúla suaitheanta anseo le mullaí agus uachtar na gcnoc agus na sléibhte clúdaithe le portach/bogach/riasc agus tá

crainn bhuaircíneacha ar fhána thiar ghleann abhann na Féithe. Tá achair mhóra portaigh sna gneannta, agus tá ballaí cloiche tirime ar na fánaí lair timpeall Bhaile an Sceilg.

Tá gnéithe aiceanta agus tírdhreach beagán éagsúil i mBá Fhíonáin seachas an chuid thuaidh den limistéar feidhme. Tá lomáin chreagacha le hais an chósta, ag nochtadh roinnt samplaí iontacha d'aill sa Chontae ag Ceann Bhólais agus Ceann Dhuichealla (Aillte Chiarraí). Tá an patrún lonnaíochta sa limistéar feidhme seo scaipthe ar na gnéithe aiceanta ísle timpeall ar na príomhbhóithre, seirbhísí agus na lonnaíochtaí beaga.

Agus ceann á thógáil den tírdhreach den scoth atá anseo tá roinnt radharcanna atá sainithe sa limistéar feidhme seo. Tá siad seo léirithe i bhFigiúr 5 thíos.



Figiúr 5: Radharcanna agus Limistéir Taitneamhachta Speisialta sa cheantar Tuaithe

1.10 An Timpeallacht Nádúrtha

Tá éagsúlacht de ghnéithe iontacha fisiciúla agus bithéagsúlachta i limistér feidhme Chathair Saidhbhín a chruthaíonn ceann de na timpeallachtaí nádúrtha is spéisiúla in Éirinn.

Tá na Limistéir faoi chosaint Speisialta agus na Limistéir Caomhantais Speisialta ar na cinn is líonmhaire sa chontae agus léirítear iad i bhFigiúirí 6 & 7 agus Mapa Ru-3 agus tá siad liostáilte i dTábla 2. Bíonn teorainneacha láithreacha Natura 2000 faoi réir athrú, feách ar www.NPWS.ie maidir leis na teorainneacha reatha.

Cineál Sainithe	Cód an tSuímh	Ainm an tSuímh
LSC	004154	CSC Leithinis Uíbh Ráthaigh
LSC	004003	LSC Oileán na gCánóg

LSC	004007	LSC na Sceilge
CSCi	000335	Bá Bhaile an Sceilg agus Inbhear na hUíne
CSCi	002262	Cuan Dairbhre/Cuan an Chaladh
CSCi	000365	Páirc Náisiúnta Chill Airne, Na Cruacha Dubha agus abhantarcht loch Chárthaí

Tábla 2 : LSC agus CSCi sa Cheantar Tuaithe

Figure 6; LSC sa Cheantar Tuaithe

LSC Leithinis Uíbh Ráthaigh

Is suíomh mór atá i LSC Leithinis Uíbh Ráthaigh atá suite ar chósta thair cheantar an phlean. Tiomsaíonn an sonrú an cósta ard agus na haillte ar Chósta Thuaidh Leithinis Uíbh Ráthaig, ar imeall thuaidh Dhairbhre agus Ceann Bhólais chomh fada le Ceann an Uain ó dheas. Is LSC atá sa láithreán atá faoi Threoir maidir le hÉin ón AE, mar gheall ar an spéis ar leith a churitear i gcomhantas speisialta na speiceas seo a leanas: Fabhcúin Ghorma, Forachain, Fulmaire agus Saidhbhéir agus an dara láthair is tábhachtaí sa tír don Chág Cosdearg.

LSC Oileán na gCánóg

Tá Oileán na gCánóg suite timpeall 0.5km amach ón taobh ó thuaidh de Bhá Fhíonáin. Oileán fada caol atá ann do Shean-Ghaineamhchloch Rua. Tá an oileán roinnt beagnach ina dhá leath – is droim chreagach fada agus caol atá sa leath ó dheas, ag éirí chuig 130m, agus sa leath ó thuaidh tá ardchlár féarach a leathnaíonn amach cé go bhfuil pointe ard ann atá 159m ar airde. Aillte géara agus fánaí is mó atá timpeall an oileáin. San am atá caite bhíodh mórán caorach ar féarach ar Oileán na gCánóg ach tá coiníní coitianta inniu ann.

.

Is Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) atá sa láithreán faoin Treoir maidir le hÉin ón AE, a gcuritear spies ar leith ann maidir leis na speiceas seo a leanas: Fulmaire, Cánóg Dhubh, Gearr Róid, Droimneach Beag, Crosán agus Puifín. Cuirtear spéis chaomhantais speisialta sa láthair freisin maidir le cluichréan os cionn 20,000 éan farraige a bheith ar gor ann. Is le Cairde Éanlaith Éireann Oileán na gCánóg agus déantar é a bhainistiú chun críche chaomhantais. Is anaclann dúlra atá san oileán freisin de réir reachtaíochta.

LSC an Sceilg

Is é atá in LSC an Sceilg ná Sceilg Mhichíl (218m ar airde) agus an Sceilg Bheag (134m ar airde). Tá an dá oileán garbh gan fothain 3km ón a chéile agus timpeall 14km agus 11km faoi seach ón mórthír i gCiarraí thiar theas. Sean-ghaineamhchloch le beagán scláta agus féitheacha de ghrianchloichít bhán. Tacaíonn Sceilg Mhichíl le réimse éagsúil flora mar Rabhán, Coireán Mara, Cabróis Mhara agus Lus Bealtaine Mara. Tá tábhacht idirnáisiúnta leis an líon Gearr Róid (4000-6000 i 2002) atá ar Sceilg Mhichíl chomh maith le ceann de na cóilíneachtaí Puifíní is mó sa tír.

Níl fásra ar bith ar Sceilg Bheag de bharr tionchar na n-éan neadaithe ar an bhfásra agus is fearr eolas air maidir leis an gcóilíneacht Gainéad atá ann, timpeall 26,436 péire aitheanta i 1994. Ní amháin gurb é sin an líon is mó in Éirainn ach is é an líon is mó ar

Domhan é. Ar na speicis eile éan a bhfuil tábhacht leo atá ar fail ar an Sceilg tá: an Cág Cosdearg, Fulmaire, Saidhbhéir, Foracha agus Crosán.

Tá an dá Oileán ainmnithe mar Anaclann Dúlra Reachtúil. Tá léas fadtréimhseach ag Cairde Éanlaith Éireann ar an Sceilg Bheag. Creidtear go bhféadfadh drochthionchar a bheith ar an líon mór cuairteoirí lae ar Sceilg Mhichíl ar an ithir íogair a chlúdaíonn an oileán. Caithfear cothromaíocht a bhaint amach mar sin idir thurasóireacht a chur chun cinn agus iomláine éiceolaíochta an oileáin a choimeád.

LCS Chuan Dairbhre/Chuan an Chaladh

Tá LCS Chuan Dairbhre/Cuan an Chaladh suite ó thuaidh ón limistéir feidhme agus scarann sé Dairbhre ón mórthír. Tá an Góilín timpeall 1km ar leithead agus tá roinnt samplaí ann de Ghnáthóga atá liostáilte ar Iarscríbhinn 1 de Threoir maidir le Gnáthóga an AE, mar shampla: sceireacha, góilíní éadomhaine agus réileáin láibe. Tá cáil ar an gceantar freisin maidir leis an sampla iontach de phobail dríodraigh atá ann ar a bhfuil algaí cailcreacha a dtugtar Coiréalach freisin orthu. Is é atá i sceireacha Dhairbhre áiteanna atá an-oscailte, nó go mór faoi fhotahin ó ghníomhaíocht na dtonnta. Mar thoradh ar seo tá go leor Gabhrán, Bairneach, Diúilicíní agus Ceilp ann.

LCS Bhá Bhaile an Sceilg agus Inbhear na hUíne

Tá an LCS seo suite ag ceann thiar Leithinis Uíbh Ráthaigh, siar ó lonnaíocht Bhaile an Sceilg. Síneann an láthair ó Oileán na gCapall (laistigh d'achar an staidéir) timpeall an bhá go Pointe an Rinnín (lasmuigh d'achar an staidéir). Tá an réigiún ainmnithe mar chuid den LCS de bharr a thimpeallacht leathan nádúrtha agus a bhithéagsúlacht, mar mhóinéar farraige an Atlantaigh agus móinéir ghoirt na Meánmhara (an dá cheann in Iarscríbhinn 1 de Threoir maidir le Gnáthóga an AE). Tá dumhcha ísle ann freisin a thacaíonn le daonra neamhchoitianta den aelus ar a dtugtar Lus na bPeiteal (*petalophylum ralfsii*).

Limistéir Pháirc Náisiúnta Cill Airne, na Cruacha Dubha agus An Chártha

Trasnaíonn cuid de limistéar LCS Pháirc Náisiúnta Chill Airne, na Cruacha Dubha agus An Chártha limistéar an phlean. Tá cnoic, aibhneacha agus lochanna leithinis Uíbh Ráthaig i láthair an LCS seo, agus na an Dá Chích a shíneann siar ó Chill Airne go réigiún na gCealla. Tá sé ar an réigiún is sléibhtiúla in Éirinn agus is ann atá an pointe is airde sa tír, Corrán Tuathail, a bhfuil a bharr 1039m os cionn leibhéal na farraige. Tá ar a laghad deich ngnáthóg sa láthair atá liostáilte ar Iarscríbhinn I de Threoir maidir le Gnáthóga ón AE.

Bhain an láthair stádas amach mar iarrthóir ar LCS toisc bratphortach, coill Iúir agus coillearnach ghlárach a bheith ann, ar ghnáthóga tosaíochta iad ar Iarscríbhinn I de Threoir maidir le Gnáthóga an AE. "*Roghnaítear an láthair freisin mar iarrthóir ar LCS do lochanna olagatrófacha ísealchríche, lochanna olagatrófacha ardtalún, fásra abhann ar snámh, fraochmhá Alpach, fraochmhá thirim, móinéir fhionnáin, seanchoillearnach Dharach, Rhynchosporion, féarach Calaminarian agus raingléis Aitil, ar ghnáthóga iad go léir atá liostáite in Iarscríbhinn I de Threoir maidir le Gnáthóga an AE. Roghnaítear an láthair seo freisin maidir leis na speicis seo a leanas atá liostáilte in Iarscríbhinn II*

den treoir cheánna - Raithneach Chill Airne, Síofróg Uisce, Diúilicín Péarla Fionnuisce, Drúchtín Ballach, Fritileán Réisc, Gabhairín, Bradán Atlantach, Liompre Abhann, Liompre Farraige, Crú-Ialtóg Bheag agus Dobharchú"[1].

Figiúr 7: LSCi sa Cheantar Tuaithe

Cineál Sainithe	Cód an tSuímh	Ainm an tSuímh
NHA	000366	**CON Phortach Chnoc Rua**

Tábla 3: CONm sa Cheantar Tuaithe

CON Phortach Chnoc Rua

Tá achar cuíosach fairsing i CON Phortach Chnoc Rua le bratphortach domhain ar thalamh íseal agus é suite 13km soir ó bhaile Chathair Saidhbhín, 4km ó thuaidh ó Loch Dhoire Ianna agus 19km siar ó dheas ó na Cruacha Dubha agus baile fearainn an Cnoc Rua, Co. Chiarraí. Tá sé suite ar thaobh ghleanna An Abha Rua, faoi bhun Chnoc na Trá, ag idir 60m agus 120m ar airde. Nascann sé san ardtalamh ó thuaidh agus siar ó dheas, mar a bhfuil aibhneacha, sruthaín agus díoga draenála mar theorainn air. Is talamh íseal talmhaíochta den chuid is mó atá sa talamh ó thuaidh agus soir ó dheas. Is Sean-Ghaineamhchloch Rua atá mar bhuncharraig faoi bhun. Tá roinnt cineálacha fásra ar an mbratphortach laistigh den láthair. Cuirtear spéis ar leith sa chóras linnte idirnasctha, ar a dtugtar deorlinnte, atá ailínithe go hingearach i dtreo na fána. Tá na limistéir seo fliuch agus tá clúdach maith caonach phortaigh á gcuthú acu.

[1] National Parks and Wildlife Service www.npws.ie

Figiúr 8: LSCi sa Cheantar Tuaithe

Is ann don áirithe sin crann agus coillearnach lánfhásta sa limistéar ar Dhairbhre agus sa cheantar timpeall ar Bhá na gCealla atá tábhachtach ó thaobh bithéagsúlachta agus a sholáthraíonn ceantair thaitneamhachta don phobal.

1.11 Taitneamhacht

Tá trí shonrú bhrataí goirme i gceantar an phlean; Na Cealla ó thauidh, An Trá Bhá ag Baile Uí Chairbre agus trá Bhaile an Sceilg i réigiún theas limistéir an phlean. Tá an limistéar ar fad nasctha ag Cuan Dairbhre/An Caladh agus Bá Bhaile an Sceilg le ceann de na tírdhreacha is tarraingtí ar chósta thiar theas na hÉireann. Tá iliomad siúlóid cnoc agus cois cósta ar fud an tírdhreacha áitiúil.

1.12 Turasóireacht

Is tionscal suntasach atá sa turasóireacht i Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín toisc gur ann atá méid an-mhór de chósta tarraingteach agus inbhear, ina bhfuil gnéithe a bhfuil suntas stairiúil, cultúrtha agus nádúrtha ag baint leo do thurasóirí. Tagann líon suntasach turasóirí chun na háite gach bliain. Mar an gcéanna, soláthraíonn an *Ring of Kerry* agus an *Skellig Ring* nithe is díol spéise a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu do thurasóirí lae, turasóirí fadtréimhseacha, gníomhaíochtaí uiscebhunaithe agus saoire fóillíochta.

Soláthraíonn an cósta agus na tránna tarraingteacha sa limistéir, a bhfuil suntas stairiúil, cultúrtha agus nádúrtha ag baint leo, deiseanna freisin d'iascaireacht ón gcladach, domhainiascaireacht agus siúlóidí inbhuanaithe.
Tá an-tábhacht ag baint le Sceilg Mhichíl agus le Dairbhre amach ó chósta Chiarraí Thiar Theas maidir le turasóirí a mhealladh ar shaoire fóillíochta.

Moltar sa Straitéis Spáis Náisiúnta gur féidir le forbairt an dara tí nó tí saoire feidhmiú mar fhórsa athbheochana i dtéarmaí eacnamaíochta, go háirithe i gceantair atá lag go struchtúrtha, ach tá gá le béim a chur ar a leithéid de ghníomhaíochtaí turasóireachta a dhíriú ar bhailte beaga nó sráidbhailte. Nuair is féidir é, ba chóir go mbeadh cóiríocht saoire laistigh de limistéir lonnaíochta, mar ar féidir le cuairteoirí leas a bhaint as siopaí, seirbhísí agus iompar poiblí.

Bíonn tionscal na turasóireachta ag brath ar chaighdeán agus tarraingteacht na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha, agus caithfear déanamh de réir na gcuspóirí atá i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15, atá dírithe ar chaomhnú na dtimpeallachtaí tógtha agus nádúrtha, ní amháin ar mhaithe leo féin ach toisc tábhacht a bheith leo mar acmhainn don gheilleagar áitiúil.

Tá san limistéar seo suite sa Ghaeltacht atá saibhir maidir le nósanna traidisiúnta, béaloideas, scríbhneoireacht agus suíomhanna stairiúla agus seandálaíochta.Tá acmhainn na héiceathurasóireachta sa limistéar ollmhór, ach níl sí lánfhorbartha.

Caithfear iarrachtaí a dhéanamh cur le biaiste na turasóireachta sa limistéar seo agus d'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí níos mó cur chun cinn a dhéanamh ar éiceathurasóireacht sa cheantar. Cineál turasóireachta a thaitníonn le daoine le braistint éiceolaíochta agus sóisialta is ea éiceathurasóireacht. Caitheann líon mór éan uisce agus lapairí an geimhreadh laistigh le limistéar an phlean agus d'fhéadfaí iad a úsáid le turasóirí a mhealladh chun na háite as séasúr. Mar an gcéanna d'fhéadfaí turais míol mór agus iolar mara a chur ar siúl i gcaitheamh an gheimhridh. Díríonn éiceathurasóireacht ar an gcomhshaol agus ar an gcultúr áitiúil, go tipiciúil ag cuimsiú taisteal go láithreacha ina bhfuil flóra, fána, comhshaol ardchaighdeáin agus oidhreacht chultúrtha ar na díola spéise is mó. Cuimsíonn éiceathurasóireacht fhreagrach cláir a dhéanann íoslaghdú ar ghnéithe diúltacha na gnáth-thurasóireachta ar an gcomhshaol, agus a fheabhsaíonn an pobal áitiúil. Dá bhrí sin, is cuid dílis den éiceathurasóireacht é cur chun cinn na hathchúrsála, éifeachta fuinnimh, caomhnú uisce, agus cruthú deiseanna eacnamaíochta do phobail áitiúla.

Tá tírdhreach, oidhreacht chultúrtha agus teanga agus taitneamhachtaí an cheantair ina bpríomhshócmhainn ar a mbunaítear an tionscal turasóireachta. Mar gheall ar mhéid na lonnaíochtaí agus a dtréithe uathacha tá siad thar a bheith íogair maidir le forbairt. Glactar leis áfach go bhfuil fairsingiú na turasóireachta bunaithe ar fhorbairt chuí. Déanann an plean seo, ag teacht le prionsabail ma turasóireachta inbhuanaithe atá rianaithe ag Fáilte Ireland, cur chun cinn ar fhorbairt ar thurasóireacht oiriúnach inbhuanaithe. Agus moltaí maidir le forbairt nua ar thurasóireacht á measúnú, tabharfar tosaíocht dóibh sin atá ag gríosadh cúirteanna níos faide ag cuairteoirí agus a chuireann le

raon na n-áiseanna atá ar fáil do dhaoine a mhaireann sa cheantar ó cheann ceann na bliana.

1.13 Oidhreacht Tógtha

Tá roinnt struchtúr atá faoi chosaint laistigh den limistéar tuaithe
Tag KY070-003 Stáisiún an Gharda Cósta, Na Cealla
Tag KY079-089 Radharc Dhairbhre, Cathair Saidhbhín
Tag KY079-114 Teach Scoite, Bóthar Dhairbhre
Tag KY079-115 Réadlann Mheitreolaíochta, Bóthar Dhairbhre

Tag 21306202 Tarbhealach Ghlinsce
Tag 21308701 Bellville, An Caladh
Tag 21307001 Scoil Náisiúnta Fhaill Móir
Tag 21307902 Teach Cónaithe Carhon House, Cathair Saidhbhín
Tag 21307906 séadchomhartha Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín
Tag 21307903 Teach Cónaithe, Clochán Mhac Cuinn
Tag 21309601 Séipéal Chill Imleach, Ráth Ciaráin, Imleach
Tag 21309603 Cros Chuimhneacháin Ceilteach, An Chill

Tá sé molta go mbeadh dhá struchtúr breise faoi chosaint ann
Tag KY079-117 Teach Scoite, Clochán Laighneacháin, Cathair Saidhbhín
Tag KY079-118 Bahoss House, Na Beathacha, Cathair Saidhbhín

1.14 Ceantair Thuaithe le Braislí Sainiúla de Phatrúin Lonnaíochtaí

D'aithin Croístraitéis Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-15 ceithre chineál cheantar éagsúla tuaithe. Tá ceann de na ceantair seo, Ceantair thuaithe le saintréithíocht de bhraislí sainiúla de phatrúin lonnaíochta i gceantair leithislithe Gaeltachta. Tá saintréithíocht de thraidisiún de bhraislí forbartha i gcruth traidisiúnta an chlocháin/bhraisle ag na ceantair seo. Is sampla breá é Cill Rialaigh de leagan amach an chineáil seo clocháin.

Chuir *Kilreelig Projects Ltd* Tionscadal Ealaíontóirí Chill Rialaigh ar bun mar chúlráid d'ealaíontóirí ar Cheann Bhólais. Seanlonnaíocht atá anseo ar theip ar an daonra ann le linn an ghorta agus tréigeadh go hiomlán de réir a chéile é idir lár agus deireadh an 20ú haois. Tá formhór an tsráidbhaile athnuaite go gleoite toisc gur tógadh cuid de na tithe de réir leagan amach na mbunthithe, ar atógáil tuisceanach atá iontu seachas athchóiriú agus tugann sé léirgeas ar conas mar a bheadh forbairt traidisiúnta de chineál clocháin. Murab ionann agus mórán eile dá leithéid, is forbairt í seo a chuireann leis an gcúis a dtugann daoine cuairt ar an tírdhreach. Anois tagann gach cineál ealaíontóra, filí, scríbhneoirí agus ceardaithe ó gach cearn den domhan le hinspioráid a fháil ón timpeallacht agus ón aonarachas. Spreagtar na healaíontóirí saothar ealaíne a thabhairt don Tionscadal le cabhrú lena chothabháil.

1.15 Seandálaíocht

Tá láithreacha réamhstairiúla, láithreacha luath-chríostaí agus láithreáin thuata ón Ré Luath-Mheánaoise ceannasach i seandálaíocht ghinearálta Chathair Saidhbhín. Ón

tréimhse réamhstaire tá fulachta fiadh, galláin, péire gallán, tuamaí dhingeacha, ealaín charraige, dúnta chinn tire agus córais pháirceanna réamhphortaigh, conairí agus ardáin. Tá na samplaí is fearr de na séadchomharthaí réamhstairiúls seo sa limistéar suite i mbailte fearainn Tír Ó mBaoill/Gortnagualla/Caherlehillian/An Cabhlach ag ceann ghleann na Fearta. Dá réir sinn tagann tírdhreach fairsing na n-ardtailte le tírdhreach na healaíne carriage ag Caol Dubh/Leitir/Com Sathairn i FALAP Chill Orglan agus caithfear féachaint orthu mar chuid den leanúnachas céanna, ar ionann iad agus an lonnaíocht is luaithe ar an leithinis san Aois Noiliteach Déanach/an Chré-umhaois Luath nuair a bhí tábhacht le hacmhainní copair an limistéir. Go deimhin, is ón gceantar seo ag Cárthann Íochtarach atá ceann de na bailiúcháin is mó de thuanna cré-umha.

Tá tábhacht idirnáisiúnta le suíomhanna eaglasta mar Oileán an Teampaill agus Oileán Locháin le suíomh luath eaglasta ar déanadh tochailt air le déanaí ag Caherlehillian, laistigh de shuíomh níos leithne réamhstairiúil, a chuireann le tábhacht an limistéir. Is é an Láithreán Oidhreacht Domhanda ag Sceilg Mhichíl an sampla is fearr san Eoraip de luathdhíseart eaglasta agus é ar cheann de na séadchomharthaí seandálaíochta is tábhachtaí dá bhfuil ann.

Tá limistir saibhir agus éagsúil seandálaíochta i Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín. Tá timpeall le 520 séadchomhartha liostáilte ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna laistigh den limistéar Feidhme, ar choimpléacsanna seandálaíochta mórán acu le hiliomad séadchomharthaí agus gnéithe indibhidiúla. Is ó thréimhse na Meánaoise Luath a bhformhór cé gur ann freisin d'iarsmaí réamhstairiúla.

Tá 8 Séadchomhartha Náisiúnta anseo agus tá 5 díobh sin in úinéireacht an Stáit, 2 cheann faoi choimirce an Stáit agus tá 1 faoi réir ag ordú caomhantais. Tá 7 séadchomhartha eile iontráilte i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla (Clárúchán).

Tá na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Séadchomharthaí Cláraithe laistigh den limistéar feidhme liostáilte thíos i dTáblaí 4.4 agus 4.5, agus tugtar imlíne sna leathnaigh seo a leanas ar thírdhreacha a bhfuil an-tábhacht le hard-dlús na séadchomharthaí taifeadta i ndá limistéar ar leith. Sa deireadh moltar cuspóirí ginearálta agus sonracha seandálaíochta don phlean.

Baile Fearainn	Cur Síos	Stádas	RMP	Uimh. NM
BAILE FEARAINN		**CUR SÍOS**		**STÁDAS**
Mainistir Bhaile an Sceilg	Baile an Sceilg	Úinéireacht	KE097-036--	168
Céim an Ghabha	Caiseal An Chathair Gheal	Úinéireacht	KE079-024--	227
Céim an Ghabha	Caiseal Leaca na Buaile	Coimirce	KE079-016--	414
An Caladh	Oileán Locháin	Úinéireacht	KE087-036----	
Beiginis	Teach Cloiche	Coimirce	KE079-027001-	500
Oileán an Teampaill	Oileán an Teampaill	Úinéireacht	KE079-032--	59

Tinnies Uachtarach Ciarraí	Coimpléacs	Caomhnú	Ke078 010,023 & 011	

Tábla 4: Séadchomharthaí Náisiúnta laistigh de Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín

Baile Fearainn	Cur Síos	RMP	Uimh. NM
Cathair Saidhbhín	Séipéal	Ke079 03702	1113
Córtha Mór & Beag etc	Coimpléacs	Ke078 020 etc	1123
An Chúil Thoir	Imfhálú Mainistreach	Ke078 009	1124
Cill Rialaigh	Imfhálú Mainistreach	Ke097 044	1184
Cill Rialaigh	Sráidbhaie Tréigthe	Ke097 063	3099
Cill Ó gCróin	Muileann Uisce/Cloch Oghaim	Ke080 046	1188
Leitir	Aireagal	Ke079 065	1212

Tábla 5: Séadchomharthaí Cláraithe laistigh de Limistéar Feidhme Chathair Saidhbhín

Tá an comh-mhéid is mó ealaíne carraige sa tír i mbailte fearainn an Chaoil Dubh Uachtarach agus Chom Sathairn. Is fiú cosaint speisialta a thabhairt don tírdhreach Noiliteach Déanach/an Chré-umhaois Luath leis an tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta atá leis agus gur dóichí go bhfuil gnéithe fós gan taifead ann.

Tá tírdhreach fairsing réamhstairiúil bhailt fearainn Tír Ó mBaoill, Gortnagualla, Caherlehillian & Coulage ag ceann na Fearta le roinnt séadchomharthaí ó thréimhse níos déanaí iontu ar é an ceann is tábhachtaí acu ná an luathláthair eaglasta ag Caherlehillian. Tá tuamaí dingeacha, ealaín charraige, struchtúir mheigiliteacha, galláin agus córas pháirceanna sa limistéar ar chuid de thírdhreach níos leithne ealaíne carraige é ag Caol Dubh/Com Sathairn atá cosanta cheana féin i FALAP Chill Orglan. Tá cuidithe ag caighdeán na n-iarsmaí agus nádúr 'ardtailte' mórán den cheantar le caomhnú a dhéanamh ar an tírdhreach seo agus ar na gaolta tábhachtacha fisiciúla idir na cineálacha éagsúla séadchomhartha agus an tírdhreach féin. Tá na hiamhairtí seandálaíochta riachtanach go mbeadh tuiscint againn ar na tréimhsí Noiliteach Déanach agus Cré-umhaois Luath, go háitiúil agus go réigiúnach.


10
Been Hill
Mullaghmakeel
Coomreagh
Teermoyle Mountain
Coomacarrea
An Traigh
River Fonta
An Fhoalta
Caunage
Coulagh
Tosnt
Kilognevaen
Coarb
Garrane
Coomeach
Tooracladane
Gortnagualla
Ballymacowmore
Foilmore
Inchiquinn
Coomduff
Srugropna
Caherlehillian
Coomagleslaw
Lake
Keadue Upper
Coomacarrea
Teermoyle
Gortnagualla
Ballymacowmore
Foilmore
Inchiquinn
Srugropna
Coomduff
Kilognevaen
Tosnt
Coulagh
Caherlehillian
Coomagleslaw
Lake
Coomreagh
Teermoyle
Coomacarrea
An Traigh
River Fonta
An Fhoalta
Caunage
Coomeach
Tooracladane
Garrane
Coarb
Tosnt
Kilognevaen
Srugropna
Coomduff
Inchiquinn
Ballymacowmore
Gortnagualla
Foilmore
Caherlehillian
Coulagh
Coomagleslaw
Lake
Keadue Upper
Coomreagh
Teermoyle
Coomacarrea
An Traigh
Caunage
Coomeach
Tooracladane
Garrane
Coarb



Figiúr 10: Séadchomharthaí Seandálaíochta agus struchtúir a mholtar a chosaint

1.16 Bainistíocht um Riosca Tuile

Tá Sonraí um Riosca Tuile don cheantar feidhme mapáilte ar fhigiúr 11, ag úsáid mapaí ithreacha, taifid ar láithreacha inar tharla tuilte agus tailte a bhain leas as scéimeanna draenála OOP (ar fáil ar www.floodmaps.ie)). Tá dréacht-Léarscáileanna Criosaithe tuile foilsithe ag an OOP don Chontae. Déanfar Bainistiú ar Riosca Tuile sa cheantar ag teacht le Treoirlínte 2009 an Rialtais ar 'An Córas Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuile', ar na cuspóirí forbartha ábhartha den phlean seo agus le Rannán 11.4 de Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.

Léiríonn Figiúr 11 láithreacha taifeadta tuile agus ceantair eile ionchasacha goiliúnacha.



Figiúr 11: Sonraí ar Thuilte sa Cheantar Tuaithe

Tá polasaí ag Comhairle Contae Chiarraí teorainn a chur le agus bainistiú a dhéanamh ar an rith le sruth a cheadófar ó gach aon fhorbairt nua, d'fhonn cosaint a dhéanamh ar cháilíocht uisce abhann agus le tuile síos le sruth a sheachaint sa líonra séarachais nó abhann. Ní mór do gach aon fhorbairt ar mhórscála ionchorprú a dhéanamh ar Chóras Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (CIDU) le srian a chur le diúscairt uisce stoirme ó fhorbairtí. Tá an áirithe sin caighdeán eatramhacha ag Comhairle Contae Chiarraí maidir le cosaint cáilíochta abhann, réimeas cosanta ann agus cosaint ar thuile abhann agus cósta.

1.17 Céanna/Cuanta

Tá an áirithe sin céanna agus cuanta beaga thar ar chósta an cheantair fheidhme. Úsáidtear na céanna chun críche éagsúla, ina measc iascaireacht, turasóireacht agus áineas. Déanann Comhairle Contae Chiarraí cothabháil ar na céanna seo. Is é polasaí Chomhairle Contae Chiarraí é na céanna seo a chothabháil agus a dheisiú d'úsáid an phobail agus le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na gcéanna nar ghineadóirí ionchasacha eacnamaíochta don cheantar agus le tacaíocht a thabhairt do chothabháil áiseanna eile dála slipeanna agus len iad a chosaint ar úsáidí míchuí.

1.18 Feirmeacha Gaoithe

Tá Straitéis d'Fhuinneamh In-athnuaite á hullmhú ag Comhairle Contae Chiarraí faoi láthair. Tá an dréachtstraitéis ar taispeáint don phobal faoi láthair. Déanfar an straitéis a úsáidfear a ionchorprú i bPlean Forbartha Contae 2009-15.

Cuspóirí Foriomlána

	Is cuspóir ag an gComhairle é:
Ru-1	Soláthar a dhéanamh d'fhás cothrom ar fud an cheantair trí neartú na bpobal tuaithe a chur chun cinn agus infrastruchtúr a sholáthar le héascú a dhéanamh ar chruthú fostaíochta agus éagsúlacht sna ceantair seo ar shlí inbhuanaithe.
Ru-2	A chinntiú go ndéanann forbairt ar thailte gan seirbhísí go hiomlán de réir na "gCód Cleachtais; Cóireáil Fuíollusice agus córais diúscartha ag freastal ar thithe aonair" agus nuair is gá é "Lámhleabhair Choireála Fuíollusice – Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnóthaí, Ionaid Fóillíochta agus Óstáin
Ru-3	A chinntiú go ndéantar gach sruthchúrsa ina bhfuil éisc laistigh de limistéar an phlean agus a gcriosanna buarchánacha ar a n-áirítear tuilemhá, ar fhorbairt suntasach a dhéanfadh dochar agus ar thioncar diúscairte fuíolluisce.
Ru-4	Ceann a thógáil de Mhapaí Tuilte CFRAM do cheantair ina mbíonn tuilte, nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar thograí pleanála.

4.3 SAINCHUSPÓIRÍ

	Taitneamhacht & Turasóireacht **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
Ru-AT-1	Forbairt ar bhealaí siúlóide laistigh de cheantar an phlean agus na háiseanna páirceála carr ag suíomhanna oiriúnacha d'fhonn éascú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe áineasa allamuigh i gceantar an phlean.
Ru-AT-2	Spreagadh a dhéanamh ar fheabhsú chláir fhaisnéise agus ar chomharthaíocht ag suíomhanna cuí.
Ru-AT-3	Cosaint agus spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt tionscnamh litríochta, ceoil, ealaíonta, spórtaíochta agus oidhreachta eile cultúrtha.
Ru-AT-4	Áisiú a dhéanamh ar fhorbairt ar 'bhealach glas', ar shlí inbhuianaithe ar feadh líne an bhóthair iarainn a baineadh as a chéile. B'fhéidir an bealach glas seo a úsáid, mar a oirfeadh, do ghníomhaíochtaí áineasa mar shiúil, rothaíocht agus faireoireacht ar an dúlra.
Ru-AT-5	Éascú a dhéanamh ar mhéadú inbhuanaithe agus ar éagsúlú áiseanna do thurasóirí.

Ru-AT-6	Cosaint a dhéanamh ar na dumhcha / córas dumhcha i limistéar an phlean go háirithe Baile an Sceilg agus cosc a chur ar aon fhorbairt a dhéanfadh dochar nó a bheadh ag creimeadh aon chórais duimhche.
Ru-AT-7	Na radharcanna i limistéar an phlean a aithníodh i bhfigiúr 5 a chosaint ar fhorbairt mhíoiriúnach.

	An Timpeallacht Thógtha **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
Ru B-1	Spreagadh a dhéanamh ar athúsáid chuí agus athchóiriú íogair ar mhaoine nach n-úsáidtear/tréigthe.

	Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
Ru-EE-1	Áisiú a dhéanamh ar éagsúlú na heacnamaíochta tuaithe
Ru-EE-2	An t-infreastruchtúr tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe agus do shíneadh deiseanna fostaíochta a sholáthar, ag cur san áireamh tionscadail eolasbhunaithe dúchasacha.

	Cuspóirí Seandálaíochta **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
A-1	A chinntiú go ndéantar na struchtúir atá áirithe sa limistéar seandálaíochta atá faoi chosaint speisialta a áireamh i dTaifead na Struchtúr Faoi Chosaint.
A-2	Cosaint ar radharcanna agus radharcra thart ar shéadchomharthaí, idir-radharc na séadchomharthaí agus sláine an suíomh tírdhreacha reatha seandálaíochta sa dá thírdhreach réamhstaire atá aitheanta (féach Fig 9). Moltar d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an Seandálaí Contae sula ndéantar aon iarratas ar fhorbairt laistigh de na láithreáin seo.

AGUISÍN 1
Foirgnimh a Mholtar a Chosaint

BILEOG 1

Uimhir Aitheantais Uathúil: RPS KY 079-117

Seoladh: Villa Nuova, Clochán Laighneacháin, Cathair Saidhbhí

Cur Síos: Teach scoite trí bhá, dhá urlár os cionn íoslach,

Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis: 6212

Comhordanáidí an Ghreille Náisiúnta: 46,994m, 80,51

Gnéithe láithreáin: Botháin ar cúl

Sainspéis: Ailtireachta



Mapa Suímh (gan a bheith ar scála)

Breithmheas: Ceaptar gur thóg an Dr. James Barry é sna 1820dí. Ní raibh cónaí sa teach le blianta beaga anuas. Sa 1ú eagran den mapa SO (1842) ní léirítear ag an láthair seo ach struchtúr dronuilleogach nach dtagann le dreach Villa Nauova an lae inniu. Tá mórán gnéithe tarraingteacha ag baint leis an bhfoirgneamh agus is cuid tábhachtach de stair ailtireachta limistéir Chathair Saidhbhín é.
Tá suntas ailtireachta ag baint leis an bhfoirgneamh seo agus ba chóir é a áireamh san RPS.

BILEOG 2

Uimhir Aitheantais Uathúil: RPS KY 080-001

Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Limistéar Feidhr
Rural Area

Seoladh: Bahoss House, Na Beathacha, Cathair Saidhbhín

Cur Síos: Struchtúr dhá urlár os cionn íoslaigh, le trí bhá lena n-

aghaidh starrach peidiméide. Is bríce atá timpeall ar na f

Suirbhéireachta Ordanáis: 6213 **Comhordanáidí an C**

láithreáin: Iarsmaí de roinnt struchtúr eile agus tithe fei

sóisialta. **Mapa Suímh** (gan a bheith de réir scála) **Brei**

blianta fada, tá an foirgneamh seo ar cheann de na h

aghaidh tosaigh faoi thionchar clasaiceach.Baineadh

mBocht i gCathair Saidhbhín le linn an Ghorta, agus é folamh le roinnt blianta roimhe sin. Léirítear é mar Theach na mBocht Chathair Saidhbhín sa chéad eagrán 1841/42 den mhapa SO agus sa dara eagrán 1897, léirítear roinnt foirgneamh breise laistigh den choimpléacs, ar a n-áirítear ospidéal fiabhrais, marbhlann, séipéal agus scoil. Ní mhaireann ach an príomhfhoirgneamh bunaidh anois, agus is eilimint tábhachtach de stair ailtireachta Chiarraí Theas é. Tá suntas ailtireachta, stairiúil agus sóisialta ag baint leis an bhfoirgneamh seo agus ba chóir é a áireamh san RPS.

AGUISÍN 2 Struchtúir atá ann atá Faoi Ch

scoite, Bóthar Dhairbhre **Uimh. Thag. RPS** K

Réadlann Mheitéareolaíochta, Bóthar Dhairbhre

Uimh. Thag. RPS KY079-115

Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Limistéar Feidhme
Rural Area